GA **ECB-PUBLIC**

**Tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach**

**an 31 Bealtaine 2024**

**maidir le síneadh a chur leis an gClár Brústocaireachta**

**(CON/2024/18)**

**Réamhrá agus bunús dlí**

An 2 Bealtaine 2024, fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarraidh ó Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh agus Athchóiriú Phlean Forbartha Náisiúnta na hÉireann (dá ngairtear 'an tAire' anseo feasta) ar thuairim maidir le Rialacháin an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015 (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe) 2024 (dá ngairtear na 'dréachtrialacháin' anseo feasta).

Tá inniúlacht BCE tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagail 127(4) agus 282(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus ar an tríú fleasc d'Airteagal 2(1) de Chinneadh 98/415/CE ón gComhairle,[1] ós rud é go mbaineann na dréachtrialacháin le Banc Ceannais na hÉireann (Central Bank of Ireland, CBI). I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis an tuairim seo a ghlacadh.

**1. Cuspóir na ndréachtrialachán**

1.1. Is é is cuspóir do na dréachtrialacháin raon feidhme an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015[2] (dá ngairtear 'Acht 2015' anseo feasta) a leathnú chun comhaltaí áirithe den CBI mar oifigigh phoiblí ainmnithe (OPAnna) a chur san áireamh. Maidir leis sin, faoi Acht 2015, féadfaidh an tAire tuairiscí ar sheirbhísigh phoiblí a fhorordú trí thagairt a dhéanamh dá róil, leibhéil luacha saothair, gráid nó tosca comhchosúla[3] a ainmnítear ansin mar OPAnna faoi Acht 2015. Le linn cinneadh a dhéanamh cibé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar aon tuairisc ar sheirbhísigh phoiblí a fhorordú, ní mór don Aire aird a thabhairt ar leas an phobail agus ar aon mholtaí arna ndéanamh faoi Acht 2015.[4]

1.2. Faoi na dréachtrialacháin, forordaítear mar OPAnna na daoine a bhfuil na róil seo a leanas acu in CBI: an Gobharnóir, an Leas-Ghobharnóir, an Príomhoifigeach Oibríochtaí, an Stiúrthóir, an Príomhoifigeach Daoine, an Príomhoifigeach Faisnéise, Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa, agus an Ceann Foirne/Comhairleoir don Ghobharnóir[5]

1 Cinneadh 98/415/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 1998 maidir le dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach ag údaráis náisiúnta maidir le dréachtfhorálacha reachtacha (IO L 189, 3.7.1998, lch. 42.

2 An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.

3 Alt 6(2) d'Acht 2015.

4 Alt 6(3) d'Acht 2015.

5 Roinn 3 de na dréachtrialacháin.

1.3. Faoi Acht 2015, i gcás go ndéanann, go mbainistíonn nó go n-ordaíonn duine atá faoi réir Acht 2015 go ndéantar aon chumarsáid iomchuí le hOPA[6] sna himthosca atá leagtha amach in Acht 2015 (dá ngairtear 'brústocaire' anseo feasta), ceanglaítear ar an mbrústocaire an idirghníomhaíocht sin a thuairisciú don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (dá ngairtear 'an Coimisiún' anseo feasta),[7] a choinníonn Clár Brústocaireachta. Mar a thug an tAire faoi deara san iarraidh ar chomhairliúchán, ba é an cuspóir a bhí leis an gClár Brústocaireachta a thabhairt isteach ná faisnéis a chur ar fáil don phobal maidir le céannacht agus intinní na ndaoine sin a dhéanann cumarsáid le hOPAnna.

1.4. Ós rud é gur teachtaireachtaí eiscthe faoi Acht 2015 iad teachtaireachtaí ó institiúidí de chuid an Aontais nó thar a gceann, ní gá teachtaireachtaí den sórt sin a chlárú[8].

1.5. Ní fhorchuirtear le hAcht 2015 aon oibleagáidí ar OPAnna maidir le brústocaireacht a chlárú agus a thuairisciú. Tá OPAnna, áfach, faoi réir srianta áirithe ar fhostaíocht iarthéarma mar bhrústocaire agus féadfar smachtbhannaí a chur orthu, ón 1 Meitheamh 2024, as na srianta sin a shárú[9].

1.6. Bhí ainmniú comhaltaí áirithe den CBI mar Opanna i gcomhréir le hAcht 2015 mar chuid de Chlár Rialtais Rialtas na hÉireann. Ina Chlár Rialtais, gheall an Rialtas go leathnófaí raon feidhme an Chláir Brústocaireachta ionas go dtuairisceofaí brústocaireacht ar oifigigh shinsearacha i gcomhlachtaí amhail CBI, a bhfuil feidhmeanna suntasacha ceaptha beartais nó forbartha acu, ar an mbonn céanna le brústocaireacht ar OPAnna de chuid an rialtais láir agus áitiúil.[10] Féachann na dréachtrialacháin freisin le baill shinsearacha eile de chomhlachtaí poiblí eile a thabhairt faoi raon feidhme Acht 2015.

## 2. Barúlacha

2.1 Tugtar aghaidh sa tuairim seo ar chomhaltaí áirithe de CBI a bheith ainmnithe ag an Aire sna dréachtrialacháin mar OPAnna i gcomhréir le hAcht 2015. Go háirithe, áirítear ar chomhaltaí CBI a ainmnítear sna dréachtrialacháin comhaltaí de Chomhairle Rialaithe, Comhairle Ghinearálta agus Bord Maoirseachta BCE, a ghlacann páirt i bpróiseas cinnteoireachta BCE, chomh maith le comhaltaí malartacha de na comhlachtaí sin agus comhaltaí foirne áirithe CBI.

2.2 Ceanglaítear le hAirteagal 130 CFAE, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí agus i gcomhlíonadh na gcúraimí agus na ndualgas a chuirtear orthu le CFAE, leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, nach ndéanfaidh BCE ná banc ceannais náisiúnta (BCN) ná aon chomhalta dá gcomhlachtaí cinnteoireachta teagaisc a iarraidh ná a ghlacadh ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí ná gníomhaireachtaí an Aontais, ó aon rialtas Ballstáit ná ó aon chomhlacht eile. Is é is aidhm d'Airteagal 130 CFAE bainc cheannais a chosaint ar bhrú polaitiúil agus a chur ar a gcumas na cuspóirí a shanntar dá gcúraimí a shaothrú go héifeachtach trí na cumhachtaí sonracha a thugtar dóibh chun na críche sin a fheidhmiú go

6 Alt 5(2) d'Acht 2015.

7 Alt 12(2) d'Acht 2015.

8 Ailt 5(4) agus 5(5)(c) d'Acht 2015.

9 Ailt 22 agus 22A d'Acht 2015.

10 Clár an Rialtais: Ár dTodhchaí Chomhroinnte, 2020, lch. 121, le fáil ar shuíomh gréasáin Rialtas na hÉireann ag https://www.gov.ie/en/.

neamhspleách. Mar sin féin, ní fhágann an t-aitheantas go bhfuil neamhspleáchas den sórt sin ag bainc cheannais go ndíolmhaítear iad ó gach smacht reachta ná go gcosnaítear iad ar aon chineál reachtaíochta[11]. Thairis sin, tá bearta curtha i bhfeidhm ag BCE é féin a bhfuil cuspóir acu atá cosúil le cuspóir Acht 2015.

2.3 Ar an gcéad dul síos, i bhfianaise Airteagal 130 CFAE agus chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint, tá Cód Iompair ag BCE d'Oifigigh ardleibhéil BCE (dá ngairtear 'an Cód Aonair' anseo feasta).[12] Leis an gCód Aonair, ceanglaítear ar chomhaltaí agus comhaltaí malartacha chomhlachtaí cinnteoireachta BCE (dá ngairtear 'oifigigh ardleibhéil BCE' anseo feasta) dearbhú a shíniú tráth a gceaptha go bhfuiltear ag cloí leis an gCód Aonair. Leis an gCód Aonair, cuirtear coimircí dea-rialachais ar fáil don chaidreamh le grúpaí leasmhara agus áirítear ann freisin treoirphrionsabail maidir le cumarsáid le páirtithe seachtracha. Geallann oifigigh ardleibhéil BCE go ndéanfaidh siad faisnéis rúnda a chosaint i gcomhréir lena n-oibleagáidí agus go seachnóidh siad aon chuma go bhféadfadh sé nach mbeadh faisnéis a d'fhéadfadh a bheith íogair ó thaobh an mhargaidh de ar fáil don phobal is leithne agus is féidir ag an am céanna. Chun trédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, ní mór do chomhaltaí chomhlachtaí ardleibhéil BCE, mar riail ghinearálta, faisnéis maidir lena gcruinnithe le páirtithe seachtracha a áireamh ina bhféilirí cruinnithe foilsithe a mhéid a bhaineann an fhaisnéis sin lena ról mar oifigigh ardleibhéil BCE[13]. Cé gurb é is aidhm do na bearta sin neamhspleáchas a áirithiú agus coinbhleachtaí leasa a sheachaint, ní eisiann siad teagmháil agus idirghníomhaíocht rialta le geallsealbhóirí seachtracha ar féidir leo ionchur agus faisnéis ábhartha a sholáthar a chuidíonn le dinimic an gheilleagair, na margaí airgeadais agus na hearnála baincéireachta, agus an chomhthéacs shochaíoch níos leithne a thuiscint.[14]

2.4 Ar an dara dul síos, tá oifigigh ardleibhéil BCE faoi réir oibleagáidí maidir le fógra iarfhostaíochta freisin agus ceanglaítear orthu iarraidh ar Choiste Eitice BCE tuairim a eisiúint maidir leis na tréimhsí marana is infheidhme sula rachaidh siad i mbun gníomhaíocht ghairme shochrach ionchasach shonrach[15]. Luaitear sa ChódAonair freisin nach bhféadfaidh oifigigh ardleibhéil BCE gabháil do ghníomhaíocht ghairme shochrach ach amháin le haon eintiteas atá i mbun brústocaireachta i ndáil le BCE tar éis dhul in éag na tréimhse ama ábhartha tar éis dheireadh a dtéarma oifige nó ón dáta a scoireann siad dá bhfeidhm mar chomhalta de chomhlacht ardleibhéil BCE[16]. Maidir leis sin, bheadh iarratas ar thoiliú arna dhéanamh chuig an gCoimisiún ag OCS i gcás inarb infheidhme faoi Acht 2015[17] sa bhreis ar oibleagáid chomhthráthach oifigeach ardleibhéil BCE dul i gcomhairle le Coiste Eitice BCE. Ní bhaineann moltaí Choiste Eitice BCE ach leis an ról a bhí ag OCS mar

11 Féach breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 10 Iúil 2003, *an Coimisiún* v *BCE,* C-11/00, ECLI:EU:C:2003:395, míreanna 134 go 136. Féach mír 2.3 de Thuairim CON/2019/15. Foilsítear tuairimí uile BCE ar EUR-Lex.

12 Féach Cód Iompair d'oifigigh ardleibhéil BCE (IO C 478, 16.12.2022, lch. 3).

13 Féach mír 2.4 de Thuairim CON/2019/15 agus, go ginearálta, an Cód Aonair.

14 Féach mír 2.4 de Thuairim CON/2019/15.

15 Airteagal 17 den Chód Aonair.

16 Airteagal 17 den Chód Aonair.

17 Mar a cheanglaítear faoi alt 22(1) d'Acht 2015.

oifigeach ardleibhéil BCE agus tá siad sa bhreis ar rialacha eiticiúla breise is infheidhme maidir le hoifigigh ardleibhéil BCE faoin dlí náisiúnta[18].

2.5 Ar deireadh, ceanglaítear ar BCE, ar BCNanna agus ar údaráis inniúla náisiúnta atá rannpháirteach sa Sásra Maoirseachta Aonair na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go ngníomhóidh a gcomhaltaí foirne agus comhaltaí a gcomhlachtaí go neamhspleách agus go gcoinneoidh siad neodracht agus iad ag bualadh le páirtithe seachtracha, go háirithe le hionadaithe ó thionscal na seirbhísí airgeadais.[19] Ceanglaítear freisin ar BCE, ar BCNanna agus ar ÚINanna sásra a bheith i bhfeidhm acu chun measúnú a dhéanamh ar choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann agus iad a sheachaint, ar coinbhleachtaí leasa iad a eascraíonn as gníomhaíochtaí ceirde iarfhostaíochta a dhéanann a mbaill foirne agus comhaltaí a gcomhlachtaí, lena n-áirítear ceanglais iomchuí maidir le fógra a thabhairt agus tréimhsí marana[20].

2.6 I bhfianaise na mbreithnithe thuas, measann BCE nach gcuirfeadh na dréachtrialacháin, lena n-áirítear na srianta fostaíochta iarthéarma, isteach ar fheidhmíocht neamhspleách chúraimí CBI a bhaineann le CEBC[21].

Foilseofar an tuairim sin ar EUR-Lex.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 31 Bealtaine 2024.

[sínithe]

*Uachtarán BCE*

Christine LAGARDE

18 Airteagal 2 den Chód Aonair.

19 Féach Airteagail 4 agus 5 de Threoirlíne (AE) [2021/2253] ón mBanc Ceannais Eorpach an 2 Samhain 2021 lena leagtar síos prionsabail Chreat Eitice an Eurochórais (BCE/2021/49) (IO L 454, 17.12.2021, lch. 7); agus Airteagail 4 agus 5 de Threoirlíne (AE) 2021/2256 ón mBanc Ceannais Eorpach an 2 Samhain 2021 lena leagtar síos prionsabail an Chreata Eitice don Sásra Maoirseachta Aonair (BCE/2021/50) (IO L 454, 17.12.2021, lch. 21).

20 Féach Airteagal 6 de Threoirlíne (AE) [2021/2253] (BCE/2021/49) agus Airteagal 6 de Threoirlíne (AE) 2021/2256 (BCE/2021/50).

21 Féach mír 2.5 de Thuairim CON/2019/15.